# Fodhlíthe Chontae Chorcaí um Bainistiú Dramhaíola, 2019

Teideal

*Fodhlíthe Chontae Chorcaí um Bainistiú Dramhaíola, 2019*

Bonn Reachtúil an Fhodhlí

*Déanann Comhairle Contae Chorcaí de bhun Alt 35(1) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus Alt 199(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus de réir Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, leis seo, na fodhlíthe seo a leanas:*

Lua

*Féadfar Fodhlíthe Chontae Chorcaí um Bainistiú Dramhaíola, 2019 a ghairm de na fodhlíthe seo*

Dáta Tosach Feidhme

*Tiocfaidh na fodhlíthe seo i bhfeidhm an 1ú de Meitheamh 2019*

Limistéar geografach feidhme

*Beidh feidhm ag na fodhlíthe seo maidir le limistéar feidhme Chomhairle Contae Chorcaí.*

Cúlghairm

*Cúlghairtear leis na fodhlíthe seo Fodhlíthe Comhairle Contae Chorcaí [Stóráil, Tabhairt i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Teaghlaigh agus Tráchtála) 2014.*

Raon an Fhodhlí seo: Cineálacha Dramhaíola agus Gníomhaíochtaí Rialaithe

*Mura gcuirtear a mhalairt in iúl sna fodhlíthe seo, tá feidhm ag na fodhlíthe seo a leanas maidir le dramhaíl teaghlaigh agus dramhaíl tráchtála araon.*

1. Léiriú agus Mínithe

*Sna fodhlíthe seo, tá na bríonna seo a leanas leis na focail agus na frásaí seo:*

*ciallaíonn "coimeádán dramhaíola cuí" coimeádán dramhaíola atá oiriúnach chun dramhaíl ar cholbha an chosáin a bhailiú agus is gabhdán a chomhlíonann na caighdeáin maidir le coimeádáin dramhaíola soghluaiste (araidí rothaí) a shonraítear sa chaighdeán CEN dar teideal IS EN 840 (Codanna 1-6);*

*ciallaíonn "duine údaraithe" duine arna údarú ag Comhairle Contae Chorcaí de réir Alt 204 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 nó comhalta den Gharda Síochána;*

*ciallaíonn "bailitheoir dramhaíola údaraithe" duine arna údarú de réir Alt 34 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin, chun an cineál dramhaíola a bheidh á bailiú a bhailiú;*

ciallaíonn *"saoráid dramhaíola údaraithe"* saoráid aisghabhála dramhaíola nó saoráid diúscartha dramhaíola:

*(a) arna húdarú faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, faoi aon rialacháin a eascraíonn as ceachtar de na hAchtanna sin nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 a bhaineann le gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola a rialú; agus*

*(b) i gcás go gceadaítear le húdarú na saoráide sin an dramhaíl dá dtagraítear sa chuid áirithe de na fodhlíthe seo a ghlacadh;*

*ciallaíonn "saoráid 'fág anseo'" saoráid dramhaíola údaraithe arb éard í gabhdán saintógtha amháin nó níos mó ina bhféadfaidh daoine den phobal dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála leithlisithe a thaisceadh chun an dramhaíl sin a aisghabháil;*

*ciallóidh* "dramhaíl tráchtála ar cholbha an chosáin" dramhaíl tráchtála is dramhaíl ar cholbha an chosáin.

*ciallaíonn "dramhaíl tráchtála" dramhaíl ó áitribh a úsáidtear go hiomlán nó go príomha chun críocha trádála nó gnó nó chun críocha spóirt, áineasa, oideachais nó siamsaíochta ach ní fholaíonn sé dramhaíl teaghlaigh, dramhaíl talmhaíochta nó dramhaíl tionscail;*

*ciallóidh "lá bailiúcháin dramhaíola ainmnithe" an lá a ainmneoidh bailitheoir dramhaíola údaraithe chun dramhaíl ar cholbha an chosáin a bhailiú, agus féadfar laethanta éagsúla a ainmniú le haghaidh dramhaíl tráchtála ar cholbha an chosáin agus dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin;*

is limistéar arna ainmniú ag *Comhairle Contae Chorcaí de réir Airteagal 20 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin), 2007 inar féidir dramhaíl a bhailiú i málaí nó i saic é "limistéar bailiúcháin málaí ainmnithe"*;

*ciallaíonn "fógra íocaíochta seasta" fógra dá bhforáiltear leis na fodhlíthe seo agus le hAlt 206 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 arna eisiúint chuig duine i leith sárú ar na fodhlíthe seo agus, mar mhalairt ar ionchúiseamh, lena gceanglaítear ar an duine sin íocaíocht sheasta a shonrófar a íoc faoi thráth sonraithe;*

*ciallaíonn "dramhbhia" dramhbhia is dramhaíl teaghlaigh nó, de réir mar a bheidh, dramhaíl tráchtála, agus beidh an bhrí chéanna leis agus an bhrí sin a bhaineann le Rialachán 7 de na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia) 2009 (I.R. Uimh. 508 de 2009) nó, de réir mar a bheidh, le Rialachán 6 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl),(IR Uimh. 430 de 2015);*

*Rialacháin um Dramhbhia*: féach "reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhbhia";

*ciallaíonn "sealbhóir" an táirgeoir dramhaíola nó an duine a bhfuil an dramhaíl ina sheilbh nó ina seilbh agus léireofar "sealbhóir dramhaíola tráchtála" agus "sealbhóir dramhaíola teaghlaigh" dá réir sin*;

ciallaíonn "dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin" *dramhaíl teaghlaigh* is *dramhaíl ar cholbha an chosáin*;

*ciallaíonn "dramhaíl teaghlaigh" dramhaíl arna táirgeadh laistigh de chúirtealáiste foirgnimh nó an chuid lánscartha d'fhoirgneamh a úsáidtear mar chóiríocht chónaithe;*

*ciallaíonn "dramhaíl ar cholbha an chosáin" an chuid sin den dramhaíl tráchtála nó dramhaíl teaghlaigh a thabharfar i láthair lena bailiú ó áitreabh agus atá le bailiú ag bailitheoir údaraithe dramhaíola, seachas dramhuisce, dramhaíl foirgníochta agus scartála agus dramhaíl toirtiúil is oiriúnaí lena bailiú i scib nó i ngabhdán eile den sórt sin (lena n-áirítear dramhaíl trom ar nós dramhaíl troscán, cairpéid agus spallaí), mar aon le dramhaíl ghuaiseach agus sreafaí eile dramhaíola teaghlaigh nó tráchtála is gá a bhailiú ar mhodh cuí eile, ar nós dramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus taisc-chealla dramhaíola;*

*ciallaíonn "reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhbhia" Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia), 2009 (I.R. Uimh. 508 de 2009) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl), 2015 (I.R. 430 de 2015);*

*folaíonn "áititheoir", i ndáil le haon áitreabh, an t-úinéir, léasaí, aon duine atá i dteideal an t-áitreabh a áitiú agus aon duine eile a bhfuil an t-áitreabh faoin rialú de thuras na huaire;*

*folóidh "duine", chun críocha na bhfodhlíthe seo, pearsa aonair, comhlacht (cibé acu teoranta, corpraithe nó nach ea), comhpháirtíocht, comharchumann nó comhlacht eile den tsamhail sin de réir an mhínithe san Acht Léiriúcháin, 2005;*

*ciallaíonn "dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin" an chuid den dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin is dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála agus a n-áirítear inti na hábhair atá leagtha amach i Sceideal 1*[1]*;*

*ciallaíonn "dramhaíl teaghlaigh iarmharach ar cholbha an chosáin" an chuid den dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin a bheidh fágtha tar éis an dramhaíl sin a scaradh ó na codanna seo a leanas:*

*(a) dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin,*

*(b) dramhbhia i gcás go gceanglaítear dramhbhia a leithlisiú faoin reachtaíocht náisiúnta maidir le dramhbhia nó leis na fodhlíthe seo, agus*

*(c) más rud é go mbeidh sí faoi réir bailiúcháin ar leithligh ag bailitheoir dramhaíola údaraithe, dramhaíl ghairdín in-bhithdhíghrádaithe.*

*Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, chun amhras a sheachaint agus de réir Alt 19 den Acht Léiriúcháin, 2005, tá feidhm ag na mínithe san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 maidir leis na fodhlíthe seo, lena n-áirítear maidir leis na téarmaí seo a leanas:*

*"saoráid", "diúscairt", "dramhaíl ghuaiseach", "áitreabh", "aisghabháil", "athchúrsáil", "bailiúchán ar leithligh", "dramhaíl", "táirgeoir dramhaíola".*

---

[1] Ag deireadh na bhfodhlíthe seo agus a leasú ó am go h-am ar www.mywaste.ie

*I gcás inar gá sin, beidh feidhm ag an Acht Léiriúcháin, 2005 maidir le haon fhoráil de na fodhlíthe seo a fhorléiriú.*

2. Oibleagáid Páirt a Ghlacadh i Seirbhís Bailiúcháin Dramhaíola

*"(a) Faoi réir mhír(b),ní dhéanfar dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin a eascraíonn ón áitreabh ina dtáirgtear an dramhaíl sin a thabhairt i láthair aon duine seachas bailitheoir dramhaíola údaraithe.*

*(b) Níl feidhm ag mír (a) i gcás, maidir leis an dramhaíl sin:*

*(i) go dtaiscfear í i ngabhdán dramhaíola cuí arna sholáthar faoi chonradh ag bailitheoir dramhaíola údaraithe do dhuine eile chun an dramhaíl sin a bhainistiú agus go mbeidh toiliú tugtha ag an duine eile sin an dramhaíl sin a ghlacadh, nó*

*(ii) go ndéanfaidh an sealbhóir í a sheachadadh go díreach go dtí saoráid dramhaíola údaraithe.*

*(c) Déanfar fianaise dhoiciméadach, ar nós admhálacha, ráitis nó cruthúnas eile ar íocaíocht, lena dtaispeánfar comhlíonadh an fhodhlí seo a thabhairt ar aird do dhuine údaraithe laistigh den tráth a shonrófar in iarraidh i scríbhinn ón duine sin nó ó dhuine údaraithe eile a bheidh fostaithe ag Comhairle Contae Chorcaí .*

3. Coimeádáin Dramhaíola a Chothabháil agus a Bhainistiú

*Déanfar coimeádáin a úsáidtear chun dramhaíl ar cholbha an chosáin a thabhairt i láthair a chothabháil i cibé riocht agus bailriocht ionas nach mbeidh an dramhaíl a chuirfear isteach ann ina cúis le núis ná bruscar. Ní dhéanfar dramhaíl a thabhairt i láthair i gcoimeádán:*

*(a) ar baineadh na rothaí nó an clúdach de a mhéid nach féidir an dramhaíl a choinneáil ann gan doirteadh as, nó a bheidh neamhoiriúnach ar shlí eile chun na críche dar dearadh é nó nach féidir a fholmhú go caoithiúil.*

4. Ionad chun coimeádán a stóráil

*Seachas ar an lá roimh an lá bailiúcháin dramhaíola ainmnithe agus ar an lá sin, déanfar coimeádáin á úsáidtear chun dramhaíl ar cholbha an chosáin a thabhairt i láthair a shealbhú laistigh de chúirtealáiste an áitribh ina dtáirgtear an dramhaíl. Ní dhéanfar iad a stóráil ar bhóthar, cosán nó in aon áit phoiblí eile mura mbeidh an t-ionad údaraithe go sainráite i scríbhinn ag duine údaraithe.*

5. Coimeádáin Dramhaíola a Úsáid ar Lá Bailiúcháin

*(a) Faoi réir mhír (b), ní dhéanfar dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin a thabhairt i láthair lena bailiú ach amháin i gcoimeádán dramhaíola cuí. Ní bheidh barraíocht dramhaíola sa choimeádán agus beidh an clúdach dúnta go daingean.* Ní dhéanfar aon dramhaíl a thabhairt i láthair ar bharr an chlúdaigh ná tadhlach leis an gcoimeádán dramhaíola.

*(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) i gcás go mbailítear dramhaíl i málaí nó i saic i limistéar arna ainmniú ag Comhairle Contae Chorcaí mar limistéar bailiúcháin málaí údaraithe.*

6. Tráthanna Bailiúcháin agus Coimeádáin a Bhaint

Ní dhéanfar *dramhaíl ar cholbha an chosáin* arna tabhairt i láthair lena bailiú a thabhairt i láthair lena bailiú tráth is luaithe ná 6.00 i.n. ar an lá díreach roimh an lá bailiúcháin dramhaíola ainmnithe.

*Déanfar gach coimeádán a úsáidtear chun dramhaíl ar cholbha an chosáin a thabhairt i láthair agus aon dramhaíl neamhbhailithe a bhaint d'aon bhóthar, cosán nó aon áit phoiblí eile tráth nach déanaí ná 12:00 r.n. ar an lá bailiúcháin dramhaíola ainmnithe, mura mbeidh socrú de mhalairt air sin ceadaithe ag Comhairle Contae Chorcaí.*

7. Cineálacha Dramhaíola Toirmiscthe

Ní dhéanfar *dramhaíl teaghlaigh a chuimsíonn dramhaíl ghuaiseach nó dramhthrealamh leictreach agus leictreonacha chur i gcoimeádán dramhaíola cuí a bheidh le bailiú ar cholbha an chosáin.*

8(a). Dramhaíl Teaghlaigh a Leithlisiú agus Éilliú a Chosc

*(a) Déanfar dramhaíl teaghlaigh ar cholbha an chosáin a leithlisiú mar dhramhaíl teaghlaigh iarmharach ar cholbha an chosáin agus mar dhramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin, agus déanfar na codanna seo a stóráil ar leithligh. Ní dhéanfar aon dramhaíl*

*inathchúrsála scartha den sórt sin a thaisceadh i gcoimeádán a bheidh ainmnithe le haghaidh dramhaíl teaghlaigh iarmharach ar cholbha an chosáin agus ní dhéanfar aon dramhaíl iarmharach den sórt sin a thaisceadh i gcoimeádán a bheidh ainmnithe le haghaidh dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin.*

*(b) Ní dhéanfar dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin ná dramhbhia a eascraíonn ó theaghlaigh a éilliú le haon chineál dramhaíola eile sula ndéanfar í a leithlisiú ná dá éis sin.*

*Tabhair do d'aire: cé nach cuid de na fodhlíthe an chuid eile den mhír seo, tá ceanglais dhlíthiúla ar leithligh ann lena sainordaítear do theaghlaigh dramhbhia a leithlisiú agus a choimeád scartha. Tá siad seo i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl), 2015. D'fhéadfadh dramhbhia a bheith faoi réir múiríniú baile nó faoi réir a seachadta go dtí saoráid dramhaíola údaraithe.*

9. Forálacha Breise do Shealbhóirí Tí nach mbaineann leas as Seirbhís Bhailiúcháin ar Cholbha an Chosáin

*I gcás nach mbeidh áititheoir teaghaise páirteach i seirbhís bhailiúcháin dramhaíola teaghlaigh ar cholbha an chosáin, cinnteoidh an duine sin:*

*(a) go ndéanfar dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin, arna leithlisiú de réir fhodhlí 8 thabhairt go dtí saoráid dramhaíola údaraithe agus go dtaiscfear í ansin ar mhodh lena gceadófar í a athchúrsáil nó a aisghabháil ar shlí eile,*

*(b) go ndéanfar dramhaíl teaghlaigh iarmharach ar cholbha an chosáin, arna leithlisiú de réir fhodhlí 8, a thabhairt go dtí saoráid dramhaíola údaraithe, agus*

*(c) go ndéanfar doiciméadacht, lena n-áirítear admhálacha, a fháil agus a choinneáil ar feadh tréimhse nach giorra ná bliain amháin chun cruthúnas a sholáthar go ndearnadh aon dramhaíl a baineadh ón áitreabh a bhainistiú ar mhodh atá de réir na bhfodhlíthe seo, an Achta um Bainistiú Dramhaíola agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl), 2015, i gcás ina mbaineann an reachtaíocht sin leis an duine sin.*

*Déanfar doiciméadacht a gceanglaítear leis an bhfodhlí seo í a fháil agus a choinneáil, nó cóipeanna den chéanna, a thabhairt ar aird do dhuine údaraithe laistigh de thréimhse ama a shonrófar in iarraidh i scríbhinn ón duine sin nó ó dhuine údaraithe eile a bheidh fostaithe ag Comhairle Contae Chorcaí .*

10. Forálacha a dhéanann difear d'Fhoirgnimh Ilúsáideoirí, Bloic Árasáin, etc

*Cinnteoidh cuideachta bhainisteoireachta, nó duine eile murab ann do chuideachta den sórt sin, a fheidhmíonn cumhacht agus maoirsiú ar ghníomhaíochtaí cónaitheacha agus/nó tráchtála i bhforbairtí ilaonad, i bhforbairtí ilchineálacha, in árasáin nó bloic árasán, I spásanna cónaithe/oibre comhcheangailte nó ionaid eile den tsamhail sin:*

*(a) go ndéanfar líon leordhóthanach gabhdán de mhéid leordhóthanacha sholáthar chun dramhaíl teaghlaigh inathchúrsála ar cholbha an chosáin agus dramhaíl teaghlaigh iarmharach ar cholbha an chosáin a leithlisiú, a stóráil agus a bhailiú go cuí,*

*(b) go ndéanfar gabhdáin bhreise a sholáthar chun dramhbhia a leithlisiú, a stóráil agus a bhailiú go cuí i gcás gur ceanglas de chuid na reachtaíochta náisiúnta maidir le dramhbhia an cleachtas sin,*

*(c) go ndéanfar na gabhdáin dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) a shuíomh laistigh d'aon árasán aonair agus ag an áit ina ndéantar dramhaíl a stóráil sula mbaileofar í araon,*

*(d) go mbeidh aon áit ina mbeidh dramhaíl le stóráil sula mbaileofar í slán, inrochtana gach tráth ag tionóntaí agus áititheoirí eile agus nach mbeidh sí inrochtana ag aon duine eile ach bailitheoir dramhaíola údaraithe,*

*(e) go ndéanfar faisnéis i scríbhinn a sholáthar do gach tionónta nó áititheoir eile faoi na socruithe le haghaidh dramhaíl a scaradh, a leithlisiú, a stóráil agus a thabhairt i láthair sula mbaileofar í,*

*(f) go ndéanfar bailitheoir dramhaíola údaraithe a fhostú chun na gabhdáin dá dtagraítear san alt seo de na fodhlíthe seo a sheirbhísiú, agus go ndéanfar fianaise dhoiciméadach, ar nós admhálacha, ráitis nó cruthúnas eile ar íocaíocht a*

*choinneáil ar feadh tréimhse nach giorra ná dhá bhliain, lena dtaispeánfar go ndearnadh an fostú sin. Tabharfar fianaise den sórt sin ar aird do dhuine údaraithe laistigh de thráth a shonrófar in iarraidh i scríbhinn ón duine sin nó ó dhuine údaraithe eile a bheidh fostaithe ag Comhairle Contae Chorcaí,*

*(g) go ndéanfar gabhdáin le haghaidh dramhaíl ar cholbha an chosáin a thabhairt i láthair ar an lá bailiúcháin dramhaíola ainmnithe,*

*(h) go ndéanfar bealach leordhóthanach isteach san áitreabh agus amach as an áitreabh ag feithiclí bailiúcháin dramhaíola a chothabháil.*

11. Bac a Chur ar Bhailiúchán Dramhaíola Ordúil

*(a) (a) Ní dhéanfar, go toiliúil, bac a chur ar fhostaithe de chuid bailitheora dramhaíola údaraithe nó de chuid Chomhairle Contae Chorcaí a bheidh ag gabháil do dhramhaíl a bhaint ná ní chuirfear isteach orthu ná ní dhéanfar moill a chur orthu ná cur isteach orthu ar shlí eile fad a bheidh siad ag gabháil do dhramhaíl a bhailiú.*

*(b) Mura mbeidh na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir a gceadaithe ag an mbailitheoir dramhaíola údaraithe a bheidh freagrach as an gcoimeádán, ní dhéanfar micrishlis a bheidh greamaithe de choimeádán dramhaíola cuí nó aon mharc aitheantais, suaitheantas, lipéad, clib, diosca nó rud eile a bheidh greamaithe den choimeádán nó de mhála bruscair nó de choimeádán eile, nach mbeidh a thréimhse nó a tréimhse feidhme istigh, a bhaint, a dhamáistiú, a dhíothú ná ní bhainfear dó ná di ná ní dhéanfar é nó í a dhéanamh neamhoibríoch ar shlí eile.*

*(c) (c) Maidir le dramhaíl arna stóráil nó arna tabhairt i láthair chun í a bhailiú:*

*(i) ní dhéanfar í a fhorlíonadh le dramhaíl arna cur léi ag duine eile mura mbeidh an duine sin údaraithe chun déanamh amhlaidh ag an duine a bheidh á stóráil nó, de réir mar a bheidh, a bheidh ag tabhairt an choimeádáin dramhaíola i láthair lena bailiú*

*(ii) ní chuirfidh duine eile isteach uirthi ar shlí eile.*

*(d) (d) Ní dhéanfaidh aon duine ach fostaí de chuid bailitheora dramhaíola údaraithe nó de chuid údaráis áitiúil dramhaíl a thaisceadh i bhfeithicil bailiúcháin dramhaíola*

12. Forálacha breise maidir le Dramhaíl Tráchtála

Ní dhéanfar *dramhaíl tráchtála a thaisceadh ag aon saoráid 'fág anseo' arna soláthar ag Comhairle Contae Chorcaí nó thar a ceann.*

13. Forálacha Forfheidhmiúcháin/Fógraí Íocaíochta Seasta.

*(a) Faoi réir mhír (b), aon duine a bheidh ciontach i sárú na bhfodhlíthe seo, dlífear pionós nach mó ná €2,500* a chur air nó uirthi.

*(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) i gcás inar eisíodh fógra íocaíochta seasta de réir na Rialacháin um an Acht Rialtais Áitiúil (Fodhlíthe), 2001 agus go mbeidh íocaíocht iomlán déanta ag an duine faoi réir an fhógra sin.*

*(c) I gcás go leanfar d'aon fhoráil de na fodhlíthe seo a shárú tar éis do dhuine a bheith faoi réir na fíneála dá dtagraítear i mír (a), aon duine a bheidh ciontach i gcion a bhaineann leis an sárú leanúnach sin, dlífear pionós nach mó ná €500 a chur air nó uirthi in aghaidh gach lae a leanfaidh an sárú tar éis an chiontaithe sin.*

*(d) Féadfar fógra íocaíochta seasta a eisiúint ar dhuine a fhaightear gur sháraigh sé nó sí na fodhlíthe seo nó go bhfuil siad á sárú aige nó aici íocaíocht €75 a dhéanamh. Déanfar íocaíocht an fhógra sin laistigh de 21 lá ó dháta an fhógra chun ionchúiseamh an duine faoi réir an fhógra sin mar gheall ar na fodhlíthe seo a shárú a sheachaint.*

| SCEIDEAL 1. Dramhaíl Inathchúrsála ar Cholbha an Chosáin | | |
|---|---|---|
| **Páipéar** | **Cannaí Alúmanaim** | **Buidéil Phlaisteacha (PET 1)** |
| Nuachtáin | Cannaí deochanna | Buidéil mhianraí |
| Irisleabhair | Cannaí sóide & beorach | Buidéil uisce |
| Dramhphost | | Buidéil folcadh béil |
| Clúdaigh litreach | **Cannaí Cruach** | Buidéil bhlastáin |
| Páipéar | Cannaí bia peataí | |
| Eolairí gutháin | Cannaí bia | **Buidéil Phlaisteacha (HDPE2)** |
| Catalóga | Stáin brioscaí | Buidéil bhainne |
| Boscaí ciarsúir | Stáin anraith | Buidéil shúlaigh |
| Málaí siúcra | | Buidéil chosmaidí |
| Féilirí | **Cairtchlár** | Buidéil seampú |
| Dialanna | Boscaí bia | Buidéil ghlantacháin tí |
| Litreacha | Boscaí gránach | Buidéil ghlantaigh níocháin |
| Páipéar ríomhaire | Feadáin tuáille cistine | Buidéil ghlantaigh fuinneoga |
| Cartáin deochanna & súlaigh úsáidte | Boscaí beartáin | Buidéil an tseomra folctha |
| Cartáin bhainne | | |
| Boscaí uibheacha | **Plaisteach - Potaí, Tráidirí agus Tobáin** | |
| Bróisiúir saoire | Potaí iógairt | |
| Malaí páipéir prátaí | Tobáin margairín | |
| | Tráidirí dochta bia | |
| | Coimeádáin leacht ghallúnaí | |
| Is féidir Tuilleadh Eolais a fháil ar www.mywaste.ie | | |

**DÉANTA** agus **GLACTHA** faoi Comhshéala

**CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ**

*An lá seo de*

________________________

**Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach**

**Seirbhisí Corparáideacha**

________________________

**Oifigeach Cléireachais**

________________________

**Oifigeach Cléireachais**